Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10570/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0068 (COD)**

**SOC 443**
**EMPL 304**
**ECOFIN 849**
**EDUC 275**
**JEUN 164**
**CODEC 859**
**IA 75**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9936/25 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac (‘An Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna’)<br>- *Cur chuige ginearálta*<br>- *Ráiteas ó thoscaireacht na Spáinne* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn ráiteas ó thoscaireacht na Spáinne maidir leis an togra thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ón Spáinn - Togra le haghaidh Treoir maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le dul i ngleic le gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi cheilt mar thréimhsí oiliúna** ('an Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna')

Ba dhíol sásaimh don Spáinn an togra le haghaidh Treoir a thíolaic an Coimisiún Eorpach i mí an Mhárta 2024. D'fhreagair an togra sin do thátal soiléir: rómhinic, tá tréimhsí oiliúna á n-úsáid go calaoiseach chun gnáthchaidrimh fostaíochta a cheilt, rud a bhaineann cearta agus cosaint de dhaoine aonair.

Ní chomhlíonann an togra atá á chur isteach lena fhormheas inniu na híoschaighdeáin is gá chun fíorchreat rialála Eorpach a bhunú le haghaidh tréimhsí oiliúna ardcháilíochta. Ní bhaintear amach na bunchuspóirí leis agus tá an baol ann go ndaingneofar na cleachtais mhí-úsáideacha chéanna a bhféachtar lena ndíothú leis.

Cuirtear raon feidhme róchúng i láthair sa téacs agus lagaítear nó baintear na príomhfhorálacha maidir le maoirseacht, forfheidhmiú agus oibleagáidí fostóirí, gnéithe a bhí bunriachtanach don chur chuige tosaigh. Ina theannta sin, ní ráthaítear leis go bhfuil tréimhsí oiliúna neamhfhostaíochta saor ó dhúshaothrú, ná ní chuireann sé cosc iomlán ar chóir idirdhealaitheach.

Ní mór do rialachán Eorpach maidir le tréimhsí oiliúna rannchuidiú go fóinteach le lánpháirtiú daoine óga i margadh an tsaothair. Ba cheart oiliúint ardcháilíochta, cearta agus fíordheiseanna don fhostaíocht chobhsaí a bheith mar thoradh ar an gcéim luath sin dá ngairmréim — seachas obair fhorbhásach a bheith mar thoradh uirthi.

Leanfaidh an Spáinn de bheith ag obair chun a áirithiú go mbeidh an Treoir seo ina huirlis úsáideach, uaillmhianach agus chomhleanúnach i gcomhréir le prionsabail na hEorpa Sóisialta agus Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.